

Peer

Parliaments

Make  
yourself  
heard



#MyWorldOurPlanet  
#EUClimatePact

**Conas a dhéanaimid**

**fuinneamh glas agus cothrom.**

**Ábhair foghlama do mhodúl 2**

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Tabhair do d'aire go bhféadfadh an fhaisnéis atá sa doiciméad seo a bheith as dáta, ós rud é gur cruthaíodh í ar dtús in 2022.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024



Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj>). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

# Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: táirgeadh agus úsáid



## Ceist 1

Ó phainéil ghréine ar an díon go dtí inliú níos fearr inár mballaí, tá an chaoi a ndéanaimid fuinneamh a ghiniúint agus a chaomhnú inár dtithe ríthábhachtach chun a bheith níos inbhuanaithe mar shochaí. Cad a theastódh uait chun fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe i do theach? **Féach ar na roghanna** anseo thíos, **pléigh** le do ghrúpa iad agus **rangaigh iad** de réir na réitigh is fearr, dar leat.

Phointe	Rogha
5 phointe	B
4 phointe	C
3 phointe	A
2 phointe	E
1 phointe	D

Sampla ballóide

- A** Ba chóir go mbeadh spreagadh agus eolas soiléir ann faoi bhuntáistí chun cabhrú liom **athruithe atá tíosach ar fuinneamh** a dhéanamh, amhail mo theach a inliú, teirmeastat cliste a shuiteáil, seanfhrámaí fuinneoige a athsholáthar agus bolgáin solais atá coigilteach ar fuinneamh a úsáid.
- B** Ba chóir go spreagfaí mé chun **aistriú go leictreachas agus téamh** glas do mo theach féin trí phraghsanna a dhéanamh níos airde d'fhuinnimh neamh-inathnuaithe.
- C** Ba cheart go ndéanfaí é **níos saoire agus níos éasca** dom, foinsí fuinnimh níos glaise a shuiteáil i mo theach, mar shampla painéil ghréine agus caidéal teasa.
- D** Ba cheart go mbeadh sé dodhéanta **fuinneamh úsáid ó fhoinsí salacha**, amhail gual, trí dheireadh a chur leis de réir a chéile a luaithe is féidir.
- E** Cad iad na **réitigh eile** a bhfuil tú in ann smaoineamh orthu?




## Comhthéacs

Ritheann gach sochaí agus geilleagar nua-aimseartha ar fhuinneamh: teastaíonn sé uainn chun leictreachas a ghiniúint, chun ár dtithe a théamh agus chun cumhacht a thabhairt dár bhfeithiclí. Cé go dtáirgtear an chuid is mó den fhuinneamh ó bhreoslaí iontaise (ola, gual agus gás), tagann méid níos lú ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite, mar sholas na gréine, gaoth, uisce agus teas geoiteirmeach. Agus tá an sciar sin ag fás, de réir a chéile, diaidh ar ndiaidh.


Tagann trí cheathrú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa san AE ó ghiniúint agus tomhaltas fuinnimh.

Tá **dhá bhealach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa, a bhaineann le fuinneamh, a laghdú**.

- Trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus níos lú fuinnimh a úsáid (mar shampla, trí fhoirgnimh a inliú).
- Trí sciar an fhuinnimh, a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite, a mhéadú. In 2018, teaghlaigh ba chúis le 26.1 % den fhuinneamh a ídiódh san AE, ar táirgeadh an chuid is mó de ó ghás nádúrtha (32.1 %) agus ó leictreachas a gineadh ó bhreoslaí iontaise (24.7 %). Tháinig 19.5 % ó fhoinsí inathnuaite. Is don téamh is mó a úsáideann teaghlaigh an fuinneamh.



Cabhraíonn sé leis an gcomhshaol a chosaint, chomh maith le sláinte agus folláine an duine, nuair a dhéantar fuinneamh a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe. Moillíonn sé freisin, an t-athrú aeráide agus téamh domhanda, agus laghdaíonn sé spleáchas an AE ar sholáthraithe seachtracha ola agus gáis. Ar an gcúis sin, tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip, aistriú ó ghual i dtreo foinsí fuinnimh níos glaine.





## Foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh

Foirgnimh is cúis le thart ar 40 % d'ídiú fuinnimh iomlán an AE, agus le níos mó ná aon trian d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an AE.

Níl timpeall 75 % de na foirgnimh go léir san AE tíosach ar fhuinneamh, agus ní athchóirítear ach 1 % acu gach bliain le bheith tíosach ar fhuinneamh. Beidh timpeall 85-95 % d'fhoirgnimh an lae inniu fós in úsáid in 2050.

Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an AE a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, caithfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh a laghdú faoi 60 %. Mar sin, is gá foirgnimh a dhéanamh níos tíosáil ar fhuinneamh, mar shampla trí insliú níos fearr a dhéanamh orthu.


Tá sé mar aidhm ag straitéis nua an Choimisiúin Eorpaigh chun athchóiriú foirgneamh a threisiú, Tonn Athchóiriúcháin don Eoraip, rátaí athchóirithe fuinnimh a dhúbailt sna 10 mbliana amach romhainn.

Uaireanta bíonn fadhb leis an aincheist tiarna talún-tionónta mar a thugtar air: ní bhíonn tiarnaí talún ag iarraidh an iomarca airgid a infheistiú i bhfearais agus in athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh mar ní fheicfidh siad toradh ar an airgead sin. Is iad na tionóntaí a íocann as na billí fuinnimh a bhainfidh leas as na coigiltis a bhaintear amach.


D'fhéadfadh nós nua infheistíochta, in athchóiriú foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh, an earnáil tógála a spreagadh, agus an fhéideartacht ann 160 000 post glas a chruthú faoi 2030.

Níor thug roinnt Ballstát AE tosaíocht fós don ghníomh práinneach atá riachtanach in earnáil na tógála.

Foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh san Eoraip, trí úsáid foirgneamh (cónaithe nó eile)



Foirgnimh atá beagnach neodrach ó thaobh fuinnimh (nua agus athchóirithe)




Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: táirgeadh agus úsáid



## Praghsáil carbóin


Iarracht is ea praghas a chur ar charbón chun costais “sheachtracha” astaíochtaí carbóin a ghabháil. Is costais iad sin a íocann an pobal – gach uile dhuine againn – chun an damáiste a dhéanann an t-athrú aeráide a dheisiú, amhail costais do chúram sláinte nó damáistí ábhartha a éiríonn as tonnta teasa agus triomaigh.



Tá bealaí éagsúla ann chun praghas a chur ar astaíochtaí carbóin, ach is iad córais trádála astaíochtaí agus cánacha carbóin na cinn is coitianta.



Ciallaíonn trádáil astaíochtaí go gcuirtear teastais ar fáil d’astaitheoirí carbóin (amhail soláthraithe leictreachais) a ligeann dóibh méid áirithe CO<sub>2</sub> a astú in aghaidh na bliana. Trí laghdú a dhéanamh ar a gcuid astaíochtaí CO<sub>2</sub>, is féidir leo ansin aon liúntas neamhúsáidte a dhíol le páirtithe eile sa mhargadh, a bhfuil astaíochtaí níos airde acu. Tá líon iomlán na dteastas teoranta agus laghdófar iad le himeacht ama de réir dlí, ionas go spreagfar astaitheoirí carbóin chun a lorg carbóin a fheabhsú.



Cion carbóin i mbreoslaí iontaise de réir cineáil - Gual, ola, gás nádúrtha (i bpoint CO<sub>2</sub> in aghaidh an mhilliúin teas-aonad Briotanach)

Chuir an AE tús le córas trádála astaíochtaí in 2005. Ba é an chéad mhargadh mór carbóin ar domhan é agus is é an ceann is mó fós é. Cuireann sé teorainn le hastaíochtaí ó thart ar 10 000 áis san eanáil cumhachta agus sa tionscal déantúsaíochta, chomh maith le haerlínte a oibríonn idir na tíortha atá rannpháirteach. Cé nach gcumhdaítear astaíochtaí ginearálta ó iompar agus ó fhoirgnimh sa chóras fós, cumhdaítear timpeall 40 % d’astaíochtaí gás ceaptha teasa an AE.



Conas a dhéanaimid  
fuinneamh glas agus cothrom:  
táirgeadh agus úsáid



## Praghsáil carbóin

Gual (antraicít)	228.60
Gual (lignít)	216.24
Gual (fo-bhiotúmanach)	214.13
Gual (biotúmanach)	205.40
Breosla díosail agus ola téimh	163.45
Gásailín (gan eatánól)	155.77
Própán	138.63
Gás nádúrtha	116.65



Puint CO<sub>2</sub> a astaítear in aghaidh an mhilliúin teas-aonad Briotanach (TAB/Btu) fuinnimh le haghaidh breoslaí éagsúla

Murab ionann agus córas trádála astaíochtaí, le cáin charbóin socraítear praghas ar charbón go díreach trí ráta cánach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagan amach nó – níos minice ná sin – ar an gcion carbóin atá i mbreoslaí iontaise. Tagraíonn cion carbóin i mbreoslaí iontaise do mhéideanna éagsúla dé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>) a astaíonn breoslaí éagsúla, i ndáil leis an bhfuinneamh a tháirgeann siad nuair a dhóitear iad. Scaoileann gual crua, mar shampla, beagnach dhá oiread CO<sub>2</sub>, in aghaidh an fhuinnimh a tháirgtear, nuair a dhóitear mar ghás nádúrtha é.



Thosaigh roinnt tíortha Eorpacha, amhail an Fhionlainn, an Iorua, an tSualainn agus an Danmhairg, trialacha le cáin ar charbóin thiar sna 1990idí. Lean roinnt tíortha Eorpacha eile ina dhiaidh sin, ach tá éagsúlacht ollmhór sna rátaí cánach. Bealach éifeachtach chun astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus truailliú aeir a laghdú iad cánacha carbóin uaireanta, trí phraghas a chur ar charbón. Is féidir ról a bheith acu freisin maidir le hastaíochtaí a laghdú ó earnálacha nach gcumhdaítear le córas trádála astaíochtaí an AE.



Is féidir an t-ioncam ó phraghsáil carbóin a úsáid chun tacú le hiarrachtaí breise ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is féidir é a úsáid freisin, chun an t-ualach ar theaghlaigh ar ioncam íseal a fhritháireamh, trí shochair leasa a mhéadú, tacú le teaghlaigh le híocaíochtaí cnapshuime, nó infheistiócht a dhéanamh i scéimeanna speisialta, amhail fóirdheontais le haghaidh athchóiriú foirgneamh.



**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: táirgeadh agus úsáid**



Is foinse fuinnimh inathnuaite í cumhacht na gréine agus is féidir í a úsáid chun leictreachas agus uisce te a sholáthar do theaghlaigh. Tá an cumas féideartha ag fuinneamh na gréine 20% d'éileamh leictreachais an AE a chomhlíonadh faoi 2040.



I bhformhór na mBallstát, soláthraíonn cumhacht na gréine níos lú ná 1% den fhuinneamh a úsáidtear le haghaidh téimh agus fuaraithe. I dtíortha ina bhfuil aeráid níos teo, níos mó gréine, agus níos lú éilimh ar théamh, soláthraíonn cumhacht na gréine sciar i bhfad níos mó fuinnimh – os cionn 15% sa Chipir, mar shampla.

Is foinse eile fuinnimh éifeachtúil iad caidéal teasa. Cuirtear iad taobh amuigh de thithe cónaithe, agus oibríonn siad mar chuisneoir ach droim ar ais – úsáideann siad fuinneamh ón gcomhshaol chun spás a théamh nó a fhuarú. Cé go ritheann siad ar leictreachas, úsáideann siad go han-éifeachtach é.




D'éirigh caidéal teasa i bhfad níos coitianta le blianta beaga anuas, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil aeráid fhuar agus níos lú tithe ceangailte le heangach an gháis nádúrtha. Tá an-tóir orthu sa tSualainn, san Eastóin, san Fhionlainn agus san Iorua, áit ina ndíoltar níos mó ná 25 caidéal teasa in aghaidh gach 1000 teaghlach gach bliain.



Tá caidéal teasa agus painéil ghréine á gcur chun cinn ag na Ballstáit chun astaíochtaí ó chórais téimh tí a laghdú, go hiondúil trí fhóirdheontais agus iasachtaí, ach trí laghduithe cánach freisin. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach ar shuiteálacha i roinnt Ballstát.

Ó 2015 i leith, de réir rialachán AE, caithfear caidéal teasa, painéil ghréine agus gairis tí den chineál céanna chun leictreachas agus teas a ghiniúint, a lipéadú le faisnéis faoi éifeachtúlacht agus tomhaltas fuinnimh. Ina theannta sin, in 2010, rinne an AE ceanglas ar gach foirgneamh nua a bheith ina 'bhfoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh' faoi 2021 agus fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a úsáid. Tógadh timpeall 1.2 milliún foirgneamh 'nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh' nó athchóiríodh foirgnimh atá ann cheana, chun freastal ar na ceanglais idir 2012 agus 2016. Mhéadaigh a sciar sa mhargadh foirgníochta ó 14% go 20%.



**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: táirgeadh agus úsáid**






# Ag aistriú ó ghual go foinsí eile fuinnimh

Tháinig foinsí inathnuaite fuinnimh chun cinn ar bhreoslaí iontaise mar phríomhfhoinsé leictreachais an AE den chéad uair in 2020. Mar sin féin, tá gual fós ina fhoinsé thábhachtach i roinnt Ballstát, cé gurb

é dó gual is mó a astaíonn a oiread is mó CO<sub>2</sub> in aghaidh an fhuinnimh a tháirgtear nuair a dhóitear é – beagnach dhá oiread an gháis nádúrtha agus 40% níos mó ná díosal agus ola téimh.


## Foinsí Táirgthe Leictreachais i mBallstáit an AE

Céatadán den ghiniúint leictreachais iomlán ■ Gaoth agus grian ■ Gual ■ Gás



## Tagann fuinneamh inathnuaite chun cinn ar bhreoslaí iontaise

% sciar maidir le táirgeadh leictreachais san AE27




Europe's Power Sector in 2020, Ember and Agora Energiewende (25/01/2021)



**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: táirgeadh agus úsáid**



## Ag aistriú ó ghual go foinsí eile fuinnimh



Táirgeann gual níos mó CO<sub>2</sub> in aghaidh an chileagraim ná aon bhreosla iontaise eile. Cé gur tháinig feabhas ar stáisiúin chumhachta maidir leis an gcomhshaol, is iad na stáisiúin chumhachta gualbhreoslaithe príomhfhoinsí na dtuilleáin a scaoiltear isteach san aer agus san uisce fós.

Deir na saineolaithe go gcaithfidh na Ballstáit deireadh a chur le hídiú guail beagnach ar fad ionas gur féidir sprioc an Choimisiúin Eorpaigh a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ghearradh, 55 % ar a laghad, faoi 2030.

As 27 ballstát an AE, tá 14 de na tíortha Eorpacha, a d'úsáid gual go traidisiúnta chun a gcuid leictreachais a tháirgeadh, saor ó ghual cheana féin nó tar éis a fhógairt go mbeidh siad saor ó ghual faoi 2030. Is é 2038 an sprioc atá ag an nGearmáin, agus 2049 an sprioc atá ag an bPolainn. Tá sé beartaithe ag an tSeicia deireadh a chur de réir a chéile le gual le haghaidh 2033, an tSlóivéin freisin.

Gheall an Rómáin deireadh a chur de réir a chéile le gual faoi 2032 agus an Bhulgáir faoi 2038.

Is dúshlán é idiú an ghuail a chéimniú amach do na réigiúin lena mbaineann. Fostaítear 237 000 duine in earnáil ghual an AE i stáisiúin agus i mianaigh chumhachta guail, agus d'fhéadfadh an líon sin titim faoi 160 000 faoi 2030, sula n-imíonn an earnáil ar fad faoi na luath 2040idí. D'fhéadfadh an meath a bheith níos tapa fós, ag brath ar cé chomh tapa agus a chuirtear deireadh le gual de réir a chéile ar fud an AE.

Bhunaigh an AE an Sásra agus an Ciste um Aistriú Cóir chun tacú leis na réigiúin AE is mó a dtéann an t-aistriú go neodracht aeráide i bhfeidhm orthu – go háirithe réigiúin ghuail, mhóna agus scealla ola. Déanfar é sin trí chabhrú leo a ngeilleagair a athstruchtúrú agus a lucht saothair a athoilúint in earnálacha a bheidh sábháilte don todhchaí.



Conas a dhéanaimid  
fuinneamh glas agus cothrom:  
táirgeadh agus úsáid

# Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: aistriú cóir



## Ceist 2

Tá sé ríthábhachtach nach bhfágfar aon duine inár ndiaidh maidir leis an athrú go cineálacha fuinnimh níos glaine agus níos glaise. Conas is féidir linn an t-aistriú a dhéanamh cóir do gach duine? **Féach ar na roghanna ina dhiaidh seo, pléigh** le do ghrúpa iad agus **rangaigh iad** de réir na réiteach is fearr, i do thuairim.

Phointe	Rogha
5 phointe	B
4 phointe	C
3 phointe	A
2 phointe	E
1 phointe	D

Sampla ballóide

- A** Ba cheart teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh, amhail fearais tí agus bolgáin solais a dhéanamh **níos saoire** do theaghlach ar ioncam íseal.
- B** Éireoidh fuinneamh agus leictreachas, a tháirgtear ó fhoinsí neamh-inathnuaite, **níos costasáil** má thugtar costas isteach don charbón a astaítear sa phróiseas táirgthe (tugaimid praghas carbóin air). Ba cheart na méaduithe sin a aisíoc le teaghlach ar ioncam íseal.
- C** Ba cheart deis a thairiscint do dhaoine, atá ag obair in earnálacha breosla iontaise nó in earnálacha atá dian ar fhuinneamh, **chun athoiliúint a fháil**, ionas go mbeidh siad in ann post difriúil a fháil san earnáil chéanna nó in earnáil nua ar fad.
- D** Ba cheart go bhfaigheadh pobail agus réigiúin, atá ag brath ar mhianadóireacht guail, **cabhair speisialta chun tacú lena n-aistriú glas**.
- E** Cad iad na **réitigh eile** a bhfuil tú in ann smaoineamh orthu?



## Comhthéacs

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé mar aidhm ag an AE an t-aistriú go fuinneamh glas a thiomáint agus a bheith ar an gcéad mhóir-roinn atá neodrach ó thaobh na aeráide de, faoi 2050. Meastar, ar an iomlán, go mbeidh tionchar dearfach ag an aistriú glas ar gheilleagar agus ar fhostaíocht. Agus na beartais chearta i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé timpeall milliún post a chruthú san AE faoi 2030 – go háirithe poist mheánscile, mheánphá i bhfoirgníocht agus i ndéantúsaíocht.

Ciallaíonn an t-aistriú glas gur gá earnáil an fhuinnimh a athrú go hiomlán, agus beidh infheistíochtaí ollmhóra de dhíth sa ghearrthéarma chuige sin. Meastar go mbeidh costas aistrithe don leictreachas amháin idir EUR 1.2 trilliún agus EUR 1.4 trilliún faoi 2050. Faoi láthair, cuireann soláthraithe fuinnimh cuid de na costais aistrithe fuinnimh sin ar aghaidh chuig tomhaltóirí ina mbillí fuinnimh. Leis sin, tagann méadú ar an mbaol bochtaineacht fuinnimh, rud a théann i bhfeidhm ar suas le 34 milliún duine san AE. Ní féidir le teaghlaigh ar ioncam íseal fearais níos nuaí agus níos éifeachtaí a cheannach agus is minic a bhíonn cónaí orthu i bhfoirgnimh atá níos sine, nár athchóiríodh. Ciallaíonn sé sin go n-íocann siad billí fuinnimh i bhfad níos airde, i gcomparáid le daoine a chónaíonn i bhfoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh.

Cuireann an t-aistriú fuinnimh brú ar chodanna d'earnáil an fhuinnimh atá fós ag brath ar bhreoslaí iontaise, amhail mianadóireacht guail agus táirgeadh ola mianraí (e.g. paraifín). Sin é an fáth go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag moladh Ciste Aeráide Sóisialta nua chun tacú le hinfheistíocht i bhfoirgnimh agus chun iompar a dhícharbónú, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Tacóidh sé le teaghlaigh leochaileacha agus le gnóthais bheaga chun athchóirithe fuinnimh, agus bearta eile, a mhaoiniú, chun cabhrú leo a n-ídiú fuinnimh a laghdú agus aistriú go fuinneamh inathnuaite. Cuirfidh an ciste EUR 72.2 billiún ar fáil idir 2025 agus 2032.

Bhunaigh an AE Ciste um Aistriú Cóir ar fiú EUR 19.2 billiún é, a chabhróidh chun an t-aistriú glas a dhéanamh cóir agus uilechuimsitheach. Is féidir le Ballstáit na hacmhainní sin a úsáid chun tionscadaíl a mhaoiniú, amhail cláir oiliúna agus athoiliúna, agus chun cabhrú le daoine teacht ar dheiseanna nua fostaíochta i réigiúin atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise agus ar thionscail a ghineann go leor astaíochtaí gáis ceaptha teasa.

**1 mhilliún**  
post glas nua san AE faoi **2030**

**72.2 billiún**  
Ciste Aeráide Sóisialta **2025 > 2032**



**19.2 billiún**  
Ciste Idirthréimhse measta an AE



**Conas a dhéanaimid  
fuinneamh glas agus cothrom:  
aistriú cóir**



## Teicneolaíochtaí atá coigilteach ar fhuinneamh

Tá bealaí éagsúla ann chun fuinneamh a choigilt: ó réitigh ar chostas íseal agus ar mheánchostas, amhail bolgáin solais agus fearais tí, go teicneolaíochtaí ardchostais, atá tíosach ar fhuinneamh, a úsáidtear chun tithe a iarfhéistiú (ar nós réitigh a thugann bogearraí bainistíochta fuinnimh).



Agus iad ag siopadóireacht le haghaidh fearas, is minic a bhíonn ar thomhaltóirí cinneadh a dhéanamh idir fearas caighdeánach agus fearas atá tíosach ar fhuinneamh, a bhíonn níos costasaí de ghnáth, ach a thugann gealltanais go mbeidh costais laghdaithe oibriúcháin acu thar shaolré an fhearais. An rogha atá ann ná níos lú airgid a chaitheamh anois (leis an bhfearas caighdeánach) nó níos lú a chaitheamh níos faide anonn (leis an bhfearas atá tíosach ar fhuinneamh). Má athraíonn tú go ceann de na hoighinn leictreacha is tiosaí ar fhuinneamh, mar shampla, is féidir go sábhálfaidh tú suas le EUR 230 thar 15 bliana.

Ní bhíonn sé de nós ag teaghlaigh ar ioncam íseal, bearta a dhéanamh chun a dtithe a iarfhéistiú le teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, chomh minic agus a dhéanann úinéirí tí a bhfuil ioncam níos airde acu. D'fhéadfaí cláir athchóirithe foirgneamh a dhéanamh níos tarraingtí d'úinéirí tí ar ioncam íseal, trí na rátaí úis a ísliú ar iasachtaí, nó trí thréimhse aisíocáíochta na hiasachta a shíneadh agus/nó tríd an méid atá fóirdheonaithe a mhéadú.



Is féidir polasaí athsholáthair fearas a fháil, a chumhdaíonn soilsiú mí-éifeachtach agus seanfhearais, amhail meaisíní níocháin agus cuisneoirí. Mar shampla, i gclár Gearmánach amháin, tugtar deontas EUR 150 do theaghlaigh ar ioncam íseal chun cabhrú leo cuisneoir atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach.



**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: aistriú cóir**



## Aisíocaíocht ar phraghas an charbóin



Maidir le teaghlaigh ar an ioncaim is ísle san AE, is fiú thart ar 10 % de chaiteachas iomlán teaghlaigh iad billí fuinnimh, le raon idir 3 % sa tSualainn go 23 % sa tSlóvaic.

Cuirtear roghanna ar fáil do na Ballstáit sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ón AE, chun teaghlaigh leochaileacha a shaoradh ó chánacha fuinnimh níos airde.

Éireoidh fuinneamh agus leictreachas níos costasaí, má thugtar costas isteach don charbón a astaítear sa phróiseas táirgthe (ar a dtugtar praghas carbóin). Mar sin féin, is féidir an t-ioncam ó phraghsáil carbóin a úsáid, chun an t-ualach ar theaghlaigh ar ioncam íseal, a fhritháireamh trí shochair leasa agus scéimeanna fóirdheontais.

Tá sé mar aidhm ag Éirinn, mar shampla, an t-ioncam sin a athdháileadh, chun teaghlaigh leochaileacha a chosaint, trí chur leis an liúntas breosla. Tá sé i gceist ag an bPortaingéil ioncam cánach carbóin a athdháileadh, i bhfoirm faoisimh cánach ioncaim, do theaghlaigh ar ioncam níos ísle. Agus nuair a thug an tSualainn cáin charbóin isteach in 1991, laghdaigh sí cánacha fuinnimh i gcoitinne, chun méaduithe a sheachaint ar chánachas foriomlán, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar theaghlaigh ar ioncam íseal.

Is féidir le rialtais an t-ioncam ó phraghsáil carbóin a úsáid, chun caiteachas ar an gcomhshaol a ardú, agus chun tacú le hiarrachtaí breise ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.



**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: aistriú cóir**



Tá 237 000 duine san AE fós ag obair in earnáil an ghuaill, go príomha i stáisiúin chumhachta gualbhreoslaithe agus i mianaigh ghuaill. D'fhéadfadh an líon sin titim faoi 160 000 faoi 2030.

Is cosúil go bhfuil daoine óga níos oscailte do thionscnaimh uasoiliúna agus athoiliúna.

Cuideoidh Ciste um Aistriú Cóir an AE, i measc rudaí eile, le daoine dul in oiriúint do mhargadh saothair atá ag athrú trí thógáil ar na scileanna atá acu cheana féin nó cinn nua a fhoghlaim, chomh maith le cuidiú leo post a fháil.

Ina theannta sin, infheistíofear in athoiliúint agus uasoiliúint chun tacú leis an aistriú go geilleagar glas agus digiteach, tríd an gCiste Sóisialta Eorpach Plus (CSE+), a bhfuil buiséad os cionn EUR 99 billiún aige do 2021–2027.

Is constaic é neamhréir scileanna san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin. Fir is mó atá ag obair i dtionscal an fhuinnimh agus iad ag dul anonn in aois, go háirithe sna earnálacha traidisiúnta fuinnimh. Tá an-éileamh ar chéimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), chomh maith le daoine le scileanna digiteacha.



**Conas a dhéanaimid  
fuinneamh glas agus cothrom:  
aistriú cóir**




## Tacaíocht do réigiúin ghuail

Tá 185 000 duine san AE fós ag obair i mianadóireacht guail. Sa Pholainn, fostaítear thart ar leath acu sin, agus fostaítear an chuid eile sa Ghearmáin, i bPoblacht na Seice, sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Ghréig agus sa Spáinn.

Meastar go bhfuil baol ard ann go gcaillfear 109 000 post mianadóireachta mar thoradh ar an earnáil gan a bheith chomh hiomaíoch agus a bhíodh. D'fhéadfadh réigiún amháin sa Pholainn suas le 41 000 post a chailleadh, sin thart ar leath de líon iomlán na bpost sa réigiún sin.

Tá sé beartaithe go ndúnfar an stáisiún cumhachta guail deireanach sa Ghearmáin in 2038 agus, roimhe sin, gheobhaidh na stáit atá ag brath ar ghual EUR 14 billiún san iomlán, chun infheistíocht a dhéanamh sna réigiúin lena mbaineann. Is féidir na cistí a úsáid le haghaidh tionscadal digitithe, chun turasóireacht a leathnú, chun bonneagar uirbeach a uasghrádú, nó le haghaidh tionscadail nuálacha gníomhaithe ar son na haeráide agus tionscadail a chosnaíonn an comhshaol.

Is féidir le Ballstáit, a mbeidh dúshláin mhóra roimh a réigiún, a dtionscail agus a n-oibríthe, maidir leis an aistriú a dhéanamh go fuinneamh glas, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ó Chiste um Aistriú Cóir an AE. Trí idirphlé leis an gCoimisiún Eorpach, beidh orthu 'pleananna maidir le haistriú cóir críochach' a chur le chéile, ina leagtar amach na dúshláin i ngach réigiún, a riachtanais agus a gcuspóirí forbartha, agus na tacaíochtaí atá le tabhairt isteach faoi 2030.



Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom: aistriú cóir



Ar mhaith leat do thuairim a roinnt le daoine ó gach cearn den Eoraip faoi bheartais aeráide AE sa todhchaí?

Cén chaoi ar mhaith leat cabhrú chun an Eoraip a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de? Pléigh agus glac páirt!

Mar is féidir leatsa cabhrú chun an Eoraip a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de



### Bain leas as fuinneamh gréine

cuir isteach painéil ghréine chun fuinneamh a ghiniúint do do theach.



### Ísligh an teas

ísligh an teas i do theach céim amháin nó níos mó.



### Bíodh an teach inslithe agat!

cuir isteach insliú nó feabhsaigh an t-insliú i do theach.



### Déan aistriú fuinnimh

aistrigh do theach go soláthraí fuinnimh ar neodracht charbóin.

Ar mhaith leat an t-eolas is déanaí a fháil faoi thorthaí Peer Parliament?

An bhfuil suim agat Peer Parliament a óstáil tú féin?